



**An Roinn Leanaí  
agus Gnóthaí Óige**  
Department of Children  
and Youth Affairs

**Fógraíodh tuilleadh solúbthachta do dhíolúintí thar aois le  
hagahidh clár réamhscoile saor in aisce, go dtí go mbeidh  
toradh an phróisis comhairliúcháin ar eolas  
Ráiteas ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Dr Katherine  
Zappone**

**Dé Luain 5ú Márta, 2018**

Tuismitheoirí a bhfuil leanaí faoi mhíchumas acu agus atá ag déanamh cinnidh i dtaobh an gcuirfidh siad siar iontráil a leanbh i réamhcoil saor in aisce; beidh siad in ann tairbhe a bhaint as dhá bhliain iomlán beag beann ar aon athruithe polasaí sa todhchaí, dar leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Dr Katherine Zappone.

Mar gheall ar chinneadh a rinneadh an Nollaig seo caite go mbeidh próiseas comhairliúcháin ar athruithe atá molta do rialacha díolúintí thar aoise sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), tá an tAire tar éis díriú ar cheisteanna a d'ardaigh roinnt tuismitheoirí a bhfuil roghanna le déanamh acu faoi oideachas a leanaí.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil tuismitheoirí de leanaí a rugadh le linn mhíonna an fhómhair (i.e. ó Mheán Fómhair go Nollaig) ábalta dáta tosaigh a leanaí a chur siar ó Mheán Fómhair 2018 (nuair a bheidh an leanbh idir 2 bhliain 8 mí agus 2 bhliain 11 mí) go Meán Fómhair 2019 (nuair a bheidh an leanbh idir 3 bliana 8 mí agus 3 bliana 11 mí) agus go mbeidh siad fós in ann tairbhe a bhaint as 2 bhliain iomlán de Chlár ECCE (nó 76 seachtain ECCE leanúnach). Dá thoradh sin, beidh díolúine don uasteoirainn aoise sa Chlár ECCE don chohórt sin don achar ama sin.

Chomh maith leis sin, thug an tAire le fios go bhfuil mionsonraithe an phróisis comhairliúcháin á thabhairt chun críche agus déanfar iad a fhoilsiú go luath.

CRÍOCH//